**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11098 - JACQUET METALS / SWISS STEEL COMPANIES)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 317/08)

1. An 29 Lúnasa 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Jacquet Metals S.A. ('Jacquet Metals', an Fhrainc), ar leis an ngabháltas Jacquet Metals S.A. é,

— Swiss Steel s.r.o (Poblacht na Seice), Swiss Steel Baltic OÜ (an Eastóin), Swiss Steel Magyarorszag Kft (an Ungáir), Swiss Steel Baltic SIA (an Laitvia), Swiss Steel Baltic, UAB (an Liotuáin), Swiss Steel Polska Sp.z.o.o. (an Pholainn) agus Swiss Steel Slovakia s.r.o (an tSlóvaic) (na'**Spriocghnóthais'**), ar le Swiss Steel group iad.

Gheobhaidh Jacquet Metals rialú aonair ar an na Spriocghnóthais ina n-iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Jacquet Metals gníomhach i ndáileadh táirgí cruach speisialtachta agus táirgí cruach dhosmálta. Go háirithe, tá a rannán IMS Group gníomhach i ndáileadh táirgí cruach innealtóireachta, tá rannán Jacquet gníomhach i ndáileadh plátaí cuartó cruaiche dosmálta agus cóimhiotail nicile agus tá rannán Stappert gníomhach i ndáileadh táirgí cruach dhosmálta fada. Tá gach rannán gníomhach i mBallstáit éagsúla na hEorpa.

— Is le Swiss Steel Group na Spriocghnóthais, atá go léir gníomhach i ndáileadh táirgí cruach, go háirithe cruach carbóin, táirgí cruach dhosmálta, agus cruach speisialta ar bhonn níos lú. Tá na Spriocanna gníomhach go príomha ina dtíortha ionchorpraithe féin, agus, ar bhonn níos lú, i mBallstáit eile den Aontas.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11098 - JACQUET METALS / SWISS STEEL COMPANIES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË